C/2024/3933

20.6.2024

Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 97(4) an chéad fhomhír i gcomhar le hAirteagal de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2024/3933)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtríú tír freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

IARRATAS AR LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

'Cotnari'

PDO-RO-A0135-AM02

Dáta an iarratais: 16.2.2023

1. **Iarratasóir agus leas dlisteanach**

Cumann Táirgeoirí 'Domenille Cotnari'

Déanann Cumann Táirgeoirí 'Domenille Cotnari' bainistiú ar acmhainneacht táirgthe fíonta atá cláraithe faoi ATFC Cotnari ar an leibhéal náisiúnta.

Is comhalta é Cumann Cotnari, a dhéanann bainistiú ar ainmniúchán tionscnaimh go heisiach, den Eagraíocht Náisiúnta Idirghairme d'Fhíonsaothrúcháin (ONIV), a aithníodh in 2011 mar an eagraíocht idirghairme de tháirgeoirí talmhaíochta (OIPA), don earnáil fíona, agus a thugann le chéile, ar bhonn rannpháirtíocht dheonach, eagraíochtaí táirgeoirí a bhfuil baint acu le táirgeadh, le próiseáil, le dáileadh, le stóráil, le hiompar agus le díol fíonchaor, fíona agus táirgí arna bpróiseáil ó fhíonchaora nó ó fhíon, ó na réigiúin fíonsaothrúcháin uile sa Rómáin.

2. **Ceannteideal sa tsonraíocht táirge dá ndéanann an leasú (na leasuithe) difear**

☐ Ainm an táirge

☒ Catagóir an táirge fíniúna

☐ Nasc

☐ Srianta margaíochta

3. **Tuairisc agus cúiseanna leis an leasú**

3.1. *Catagóir nua fíona a áireamh - fíon leathshúilíneach*

Tá an tsonraíocht táirge leasaithe chun catagóir nua de tháirgí fíniúna a áireamh mar a shonraítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII de Rialachán (AE) Uimh 1308/2013, i.e. fíon leathshúilíneach atá le fáil go heisiach sa limistéar atá críochaithe le haghaidh ATFC Cotnari i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm agus atá údaraithe chun úsáid a bhaint as ATFC Cotnari.

Leasaíodh Caibidil I, II, IV, XI agus XII den tsonraíocht táirge agus Ranna 3, 4, 7 agus 8 den doiciméad aonair.

Leis an gcatagóir nua atá le tabhairt isteach, baintear leas as acmhainneacht fíonsaothrúcháin limistéar Cotnari chomh maith le cáil ATFC. Is léiriú é a chur san áireamh ar an méadú atá ag teacht ar thomhaltas fíonta broidearnaí le blianta beaga anuas.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

D'eascair an cinneadh an catagóir seo a tháirgeadh sa limistéar seo ón intinn leas iomlán a bhaint as cineálacha dúchasacha fíonchaoire a bhfuil ardacmhainneacht aramatacha ag baint leo (dea-bholaithe, boladh torthaíoch) trína n-úsáid i dtáirgeadh na catagóire fíona seo.

3.2. *Tásc maidir le saintréithe anailíseacha/orgánaileipteacha le haghaidh fíon leathshúilíneach*

Déantar an tsonraíocht a fhorlíonadh chun faisnéis a chur san áireamh maidir le saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha fíonta leathshúilíneacha, a n-iarrtar iad a thabhairt isteach, chun a áirithiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht maidir le hainmniúcháin tionscnaimh trí thuairisc a thabhairt ar na paraiméadair sin.

Dá thoradh sin, leasaíodh Caibidil XI den tsonraíocht táirge agus Roinn 4 den doiciméad aonair.

3.3. *Tuairisc ar an nasc leis an limistéar geografach le haghaidh fíon leathshúilíneach*

Leasaíodh an tuairisc ar an nasc leis an limistéar geografach chun gach cineál fíona is féidir a tháirgeadh faoi ATFC Cotnari a chur san áireamh a luaithe a chuirfear an catagóir nua d'fhíon leathshúilíneach leis an tsonraíocht, ionas go léireofar an nasc cúisíoch le haghaidh gach catagóire táirge a fhaightear, mar a cheanglaítear leis an dlí.

Leasaíodh Caibidil II den tsonraíocht táirge agus Roinn 8 den doiciméad aonair.

3.4. *Tásca a bhaineann go sonrach leis an gcatagóir fíona leathshúilíneach a áireamh ar an lipéadú*

Leasaíodh an tsonraíocht chun ceanglais shonracha lipéadaithe a chur san áireamh don chatagóir nua fíona a tugadh isteach (fíon leathshúilíneach) maidir leis na téarmaí a cheanglaítear faoin dlí a chur ar lipéid a léiríonn an cion siúcra (cineál brut, brut, brut breise, ríthirim, sec, leath sec).

Dá thoradh sin, leasaíodh Caibidil XII den tsonraíocht táirge agus níl aon athrú ar an doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Cotnari

2. **Cineál táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

6. Fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

4. **Tuairisc ar an bhfíon (ar na fionnta)**

4.1. *Saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha -fíonta geala socra*

Ó thaobh saintréithe orgánaileipteacha de, tá na fíonta geala socra olartha, iad ó ghlasbhuí (i bhfíonta óga) go buí an tuí agus buí na meala (i bhfíonta aosaithe); tá dea-bholadh rísíní, eithní gallchnó agus almóinní searbha (Grasă de Cotnari) uathu, chomh maith le boladh fíonchaor aibí le leideanna de bholadh láidir bláthanna, boladh torthaíoch (Frâncușă), leideanna d'fhéar tirim, bláthanna acacia, d'im úr, blas leanúnach de screamh aráin (Chardonnay), úireacht, blas de thorthaí trópaiceacha agus boladh piobair mhilse úra atá díreach bainte agus lus an tseana (Sauvignon). Tá dath láidir ar na cineálacha aromatacha, le boladh basal, féar bainte agus piorraí basal uathu chomh maith le blas de shubh peiteal róis (Tămâioasă românească) le leideanna de bhláthanna róis agus líoma, le blas bheilbhitiúil a thabharfadh fanaile agus almóinn (Traminer roz) chun cuimhne, de dhathanna éagsúla ó bhándearg go craiceann oinniúin tirim agus boladh de bhasal nó de rósanna (Busuioacă de Bohotin) uathu.

I gcomhréir leis an dlí, ardaíodh an t-uaschion dé-ocsaíde sulfair a mhéid a bhaineann le fíonta ag a bhfuil íoschion siúcra, arna shloinneadh mar shuim an ghlúcóis agus an fhruchtóis, de 5 ghram in aghaidh an lítir, go 350 mg/l i gcás fíonta geala Rómánacha a fhéadfaidh ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint Cotnari a úsáid.

Tá luachanna le haghaidh aigéadacht iomlán uasta faoi réir na dteorainneacha a leagtar síos i ndlí ábhartha an Aontais Eorpaigh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11,00
Aigéadacht iomlán íosta	4.5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	200

4.2. *Saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha - fíonta socra rosé*

Ó thaobh saintréithe orgánaileipteacha de, tá na fíonta rosé socra olartha, iad ó ghlasbhuí (i bhfíonta óga) go buí an tuí agus buí na meala (i bhfíonta aosaithe); tá dea-bholadh rísíní, eithní gallchnó agus almóinní searbha (Grasă de Cotnari) uathu, chomh maith le boladh fíonchaor aibí le leideanna de bholadh láidir bláthanna, boladh torthaíoch (Frâncușă), leideanna d'fhéar tirim, bláthanna acacia, d'im úr, blas leanúnach de screamh aráin (Chardonnay), úireacht, blas de thorthaí trópaiceacha agus boladh piobair mhilse úra atá díreach bainte agus lus an tseana (Sauvignon). Tá dath láidir ar na cineálacha aromatacha, le boladh basal, féar bainte agus piorraí basal uathu chomh maith le blas de shubh peiteal róis (Tămâioasă românească) le leideanna de bhláthanna róis agus líoma, le blas bheilbhitiúil a thabharfadh fanaile agus almóinn (Traminer roz) chun cuimhne, de dhathanna éagsúla ó bhándearg go craiceann oinniúin tirim agus boladh de bhasal nó de rósanna (Busuioacă de Bohotin) uathu.

Tá luachanna le haghaidh aigéadacht iomlán uasta faoi réir na dteorainneacha a leagtar síos i ndlí ábhartha an Aontais Eorpaigh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11,00
Aigéadacht iomlán íosta	4.5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	200

4.3. *Saintréithe fisiciúla, ceimiceacha agus orgánaileipteacha - fíonta socra dearga*

Tá gealáin dhearga an rúibín ag baint leis na fíonta dearga nuair atá siad óg agus gealáin dhearga an bhríce nuair atá siad aosta; tá boladh torthaí dearga triomaithe, plumaí agus silíní dubha uathu, agus blas veilbhitiúil torthaíoch deas inbhraite orthu.

Tá luachanna le haghaidh aigéadacht iomlán uasta faoi réir na dteorainneacha a leagtar síos i ndlí ábhartha an Aontais Eorpaigh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	12,00
Aigéadacht iomlán íosta	4.5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	150

4.4. *Saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha - fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán*

Maidir lena gcuid saintréithe orgánaileipteacha, seasann fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ATFC amach mar fhíonta úra, nádúrtha agus den scoth a mbíonn dea-bholaithe coipthe uathu le leideanna de bholadh bláthanna. Iad ó ghlasbhuí geal go dtí buí éadrom i ndath/le breathnú orthu, le mús marthanach, i gcás fíonta geala súilíneacha, agus dathanna bán-dearga níos láidre nó níos laige i gcás fíonta súilíneacha rosé. Bíonn an bhroidearnach a bhaineann le fíonta súilíneacha ATFC Cotnari láidir ar dtús; laghdaíonn an bhoilgearnach ina dhiaidh sin ach maireann sách fada ina dhiaidh sin féin, rud a léiríonn an uaisleacht agus an cháiréis a bhaineann le fíonta Cotnari. Tá boladh úr, den scoth uathu a bhaineann go sonrach leis an gcineál fíonchaoire óna bhfaightear iad, iad de bhlas éadrom bláthanna, le blas agus dea-bholadh a thabharfadh giosta uathalaithe chun cuimhne. Bíonn brú breise 3.5 bar ar a laghad ag 20 °C ag baint le fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	11,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10,00
Aigéadacht iomlán íosta	3.5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	11
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	185

4.5. *Saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha - fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán*

Is dath buí an tuí le gealáin ghlasa atá ar an bhfíon súilíneach aramatach a thagann ó Tămâioasă Românească, a bhfuil mús flúirseach agus bolgáin leanúnacha den scoth ag baint leis. Tá boladh láidir túise den scoth uaidh, le leideanna de bhasal, rósanna agus féar atá díreach bainte. Tá blas comhchuí, deas agus bríomhar air mar gheall ar an gcothromaíocht idir aigéad agus milseacht. Tá dath bán-dearg le fordhathanna corcra ar an bhfíon aramatach súilíneach ar ardchaighdeán a thagann ó Busuioacă de Bohotin agus mús flúirseach ag baint leis chomh maith le bolgáin leanúnacha den scoth. Tá boladh láidir muscfhíona ar leith den scoth uaidh, le boladh de thorthaí citris, basal agus peitil róis, agus dea-bholaithe cáiréiseacha de thorthaí úra dearga san iarbhlas. Tá blas deas agus bríomhar air, a bhuí leis an gcothromaíocht idir an cion aigéadachta agus siúcra atá ann. Tá an fíon súilíneach cothrom i dtaca le dea-bholaithe, blas agus marthanacht. Bíonn brú breise 3 bar ar a laghad ar fhíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ag 20 °C.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	10,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	6,00
Aigéadacht iomlán íosta	3.5 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	11
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	185

4.6. *Saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha — fíonta leathshúilíneacha*

Dealramh físiúil: glan, trédhearcach, le broidearnach ghlasbhuí, bhándearg den scoth.

Dea-bholadh: úr, saintréitheach den chineál fíonchaoire.

Blas: aigéadach, broidearnach den scoth, bláthanna, torthaí, ag brath ar ghnáth-shaintréith an fhíona.

Farasbarr brú nuair a choinnítear ag teocht 20 céim C: íos. 1 bar agus uas. 2.5 bhar.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	7,00
Aigéadacht iomlán íosta	5.0 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	235

5. **Cleachtais fíon oireachta**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

An modh saothraithe

Ní cheadaítear uisciú ach le linn blianta triomaigh amháin, faoi réir fógra ó ONVPV (An Oifig Náisiúnta Fíniúna agus Fíona) nuair a laghdaíonn an cion uisce san ithir ag doimhneacht 0 - 100 cm go 50 % den AHI (eatramh taise gníomhaí), trí chaighdeáin réasúnta uisciúcháin (400 - 600 m3/ha) a chur i bhfeidhm.

Glasbhuaint – líon na dtriopall fíonchaoire a laghdú ag am an aibithe má sháraíonn an táirgeacht ionchasach na huasteorainneacha atá ceadaithe faoin sonraíocht táirge.

b. *Uastáirgeacht*

1. tráth aibíocht iomlán na bhfíonchaor tráth na buainte, i gcás Grasă de Cotnari , Pinot gris, Chardonnay, Muscat Ottonel, Traminer roz

11 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. tráth aibíocht iomlán na bhfíonchaor tráth na buainte, i gcás Tămâioasă Românească, Sauvignon, Busuioacă de Bohotin

12 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. tráth aibíocht iomlán na bhfíonchaor tráth na buainte, i gcás Fetească albă, Fetească

13 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. tráth aibíocht iomlán na bhfíonchaor tráth na buainte, i gcás Frâncușă

14 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

5. tráth aibíocht iomlán na bhfíonchaor tráth na buainte, i gcás Grasă de Cotnari , Pinot gris, Chardonnay, Muscat Ottonel, Traminer roz

82.50 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. tráth aibíocht iomlán na bhfíonchaor tráth na buainte, i gcás Tămâioasă Românească, Sauvignon, Busuioacă de Bohotin

94.00 heictilítear in aghaidh an heicteáir

7. tráth aibíocht iomlán na bhfíonchaor tráth na buainte, i gcás Frâncușă

105.00 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. tráth aibíocht iomlán na bhfíonchaor tráth na buainte, i gcás Fetească albă, Fetească neagră

97.50 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

6.1. An limistéar atá críochaithe chun fíonta a tháirgeadh a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Cotnari' acu, cuimsíonn sé na ceantair seo a leanas i gcontaetha Iași agus Botoșani:

Contae Iași

— Bardasacht Cotnari: bailte Cotnari, Hodora, Cârjoaia, Bahluiu, Iosupeni, Lupăria;

— Bardasacht Ceplenita: bailte Ceplenița, Buhalnița, Zlodica;

— Bardasacht Scobinti: bailte Scobinți, Bădeni, Zagavia, Fetești;

— Baile Hârlău: baile Hârlău;

— Bardasacht Deleni: bailte Deleni, Maxut, Feredeni, Slobozia, Poiana;

— Bardasacht Cucuteni: bailte Cucuteni, Băiceni, Săcărești;

— Bardasacht Todirești: bailte Todirești, Băiceni;

— Bardasacht Balș: bailte Balș, Boureni, Coasta Măgurii.

Contae Botoșani

— Bardasacht Frumușica: bailte Frumușica, Rădeni.

6.2. Féadfar ceann de na hainmniúcháin fíonghoirt aonair seo a leanas a chur le hainmniúchán tionscnaimh cláraithe Cotnari, ag brath ar mhianta na dtáirgeoirí: Dealul Castel, Dealul Episcopului, Dealul Paraclis, Dealul Mândrului, Zlodica, Țiglăi, Dealul Cătălina, Cârjoaia, Lupăria, Ceplenița, Dealul lui Vodă, Buhalnița, Scobinți, Dealul Furcilor, Dealul Stânca, Hodora, Zagavia, Dealul Naslău, Hârlău, Deleni, Cucuteni, Boureni, Balș, Coasta Măgurii.

7. **Cineál/cineálacha fíonchaoire**

Busuioacă de Bohotin Rs - Schwarzer Muscat, Muscat fioletovîi, Muscat violet cyperus, Muscat rouge de Frontignan

Chardonnay B - Gentil blanc, Pinot blanc Chardonnay

Fetească albă B - Păsărească albă, Poama fetei, Mädchentraube, Leanyka, Leanka

Fetească neagră N - Schwarze Mädchentraube, Poama fetei neagră, Păsărească neagră, Coada rândunicii

Frâncuşă B - Vinoasă, Mildweisser, Mustoasă de Moldova, Poamă creaţă

Grasă de Cotnari B - Dicktraube, Grasă, Köver szölö

Muscat Ottonel B – Muscat Ottonel blanc

Pinot Gris G - Affumé, Grau Burgunder, Grauburgunder, Grauer Mönch, Pinot cendré, Pinot Grigio, Ruländer

Sauvignon B – Sauvignon Blanc

Traminer Roz Rs - Rosetraminer, Savagnin roz, Gewürztraminer

Tămâioasă românească B - Busuioacă de Moldova, Muscat blanc à petit grains

Tămâioasă românească B - Rumanische Weihrauchtraube, Tamianka, Tămâioasă albă de Drăgăşani

8. **Tuairisc ar an nasc (ar na naisc)**

8.1. *Nasc leis an limistéar geografach — Sonraí an limistéir gheografaigh*

Tá formhór na bhfíonghort i réigiún Cotnari ag luí ar shil-leagain Cheathartha go háirithe cinn dhíleghlárachashnaíochair Coasta Cotnarilor, agus is beag díobh, más ann do cheann ar bith, atá ag luí ar shil-leagain ghláracha ar mhóinéir (mar gheall ar shrianta a bhaineann leis an aeráid). I limistéir bheaga amháin atá fíniúna fréamhaithe i máthair-charraigeacha Sarmátacha nó ina n-ithreacha lagfhorbartha (Cotea et al., 2006).

Tá sil-leagain dhíleghlárachа agus snaíochair fairsing ar thaobhanna na gcnoc mar thoradh ar théaltú fána agus ar scuabadh báistí. Sa chuid is faide soir den limistéar fíonsaothrúcháin, tá ithreacha salanda agus alcaileacha ann freisin, atá foirmithe ar shil-leagain shalannacha. Is gnách go mbíonn na hithreacha a dhíorthaítear ón máthairábhar seo fabhrach don fhíonsaothrúchán (Cotea et al., 2006).

Tá aeráid an réigiúin fíonsaothrúcháin fo-roinnte ina shé mhícrea-aeráid; is í an mhícrea-aeráid is mó, a bhaineann le 45 % den limistéar iomlán, ná an ceann atá le fáil ar fhánaí atá nochta don deisceart, don oirdheisceart agus don iarthar, a bhfuil claonadh 5-20° acu, a fhaigheann neart gréine agus a bhfuil foscadh acu ón ngaoth fhuar aduaidh agus ón ngaoth fhuar anoir-aduaidh. Tá an teocht ar na fánaí sin ar an teocht is airde sa réigiún fíonsaothrúcháin, rud a fhágann go bhfuil siad oiriúnach le haghaidh saothrú fíniúna.

8.2. *Nasc leis an limistéar geografach - sonraí táirge*

Is fíonta tathagacha iad na fíonta socra a bhfuil dea-bholaithe bláthanna nó torthaí ar leith ag baint leo atá cruthanta don chineál áirithe sin, mar gheall ar an bhfómhar fada tirim agus an tionchar a imríonn an lobhadh maorga a bhaineann go sonrach leis an limistéar seo orthu. Bíonn dea-bholaithe de thorthaí citris, mil, bláthanna acáise agus bláth troim uathu, le leideanna fanaile agus almóinní nuair atá siad aosaithe ar feadh tamaill bhig.

Bíonn blas réaduchtach ar an bhfíon súilíneach ar ardchaighdeán ar dtús, agus ansin tagann leideanna de thorthaí citris agus d'fhéar chun cinn chomh maith le blasanna cáiréiseacha de ghiosta uathalaithe. Is ó mblas ar leith d'eithní gallchnó glasa, piorraí basal, mil agus rísíní a thagann an chumhracht ar leith agus thabharfadh sé lobhadh maorga an fhómhair fada tirim a bhaineann le réigiún Cotnari chun cuimhne.

Tá dea-bholaithe láidre agus fairsinge ag baint leis na fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán, le leideanna basal, rósanna agus féar atá díreach bainte; tá mús flúirseach agus bolgáin leanúnacha den scoth ag baint leo; tá blas deas, bríomhar agus comhchuí orthu.

Tá broidearnach den scoth ag baint leis na fíonta leathshúilíneacha, iad buíghlas nó bándearg i ndath, agus úire ag baint leo; tá dea-bholaithe bláthnna (basal, acáise, rósanna) nó torthaí (torthaí citris, piorraí) uathu a thabharfadh screamh aráin chun cuimhne.

8.3. *Nasc leis an limistéar geografach - idirghníomhú cúisíoch*

Tá na fíonta socra atá le fáil i réigiún ATFC Cotnari éagsúil óna chéile, mar gheall ar shaintréithe éagsúla na gcineálacha fíonchaoire óna dtáirgtear iad, a mbíonn tionchar ag an terroir orthu.

Cuireann an fómhar fada tirim a bhaineann go sonrach le limistéar Cotnari leis an lobhadh maorga a thabhairt chun cinn, rud a fhágann go bhfuil na fíonta tathagach agus ilghnéitheach go haramatach de; forbraíonn fíonta ina bhfuil siúcra iarmharach a fhaightear ó fhíonchaora a bhuaintear nuair atá caora a bhfíonchaora botraíteasaithe ina bhfíonta atá milis go nádúrtha. Tá na fíonta sin oiriúnach don aosú, ós rud é gur minic a bhíonn a neart alcóil níos mó ná 12 % de réir toirte.

Mar gheall ar aeráid an limistéir, tá cumhracht na bhfíonta éagsúil le blasanna saintréitheacha bláthanna de thorthaí tropaiceacha, le cothromaíocht mhaith idir siúcraí, alcól agus aigéadacht.

Cinntíonn an chothromaíocht, atá beagnach díreach ceart, idir báisteach, solas na gréine agus imghalú screamhuisce sa bhfoscadh ó Coasta Dealul Mare - Hârlău le linn fómhair fhada, thirime, thar a bheith grianmhar, scoth-aibiú le haghaidh cineálacha fíonchaoire amhail Grasă de Cotnari, rud a fhágann dea-bholaithe de chíor mheala, de mhil agus de rísíní orthu agus iad ar dhath láidir (le leideanna ómra i bhfíonta aosaithe).

Is fíonta cothromaithe iad na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, a bhfuil aigéadacht dhea-chomhtháite ag baint leo freisin mar gheall ar na fíonta a bheith á dtáirgeadh sna fíonghoirt is faide ó thuaidh sa Mholdáiv. Éascaíonn an meán-shéasúr saothraithe le haghaidh na gcineálacha fíonchaoire a shaothraítear, atá ábalta sioc agus triomach measartha a sheasamh agus a bhfuil na hacmhainní héiliteirmeacha is fearr acu, carnadh mall de na dea-bholaithe coitianta a bhaineann leis na cineálacha fionchaoire, rud a fhágann fíonta de shaintréithe sonracha.

Is mar thoradh ar shamhraí te, thar a bheith grianmhar, chomh maith leis na meánluachanna teochta i mí Mheán Fómhair, rud a fhágann gur féidir fíonta a bhfuil blas saibhir cumhra agus saintréitheacha orthu a tháirgeadh, a tharlaíonn carnadh mall na dea-bholaithe coitianta na gcineálacha fíonchaoire sna fíonta aramatacha súilíneacha ar ardchaighdeán.

Is ó fhíonchaora, arna bpiocadh de láimh, de chineálacha dúchasascha a bhfuil acmhainneacht aromatacha ag baint leo, amhail Tămâioasă românească, Fetească albă, Francușă and Busuioacă de Bohotin, a thagann na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán agus na fíonta súilíneacha aromatacha ar ardchaighdeán go háirithe agus ó chineálacha fíonchaoire idirnáisiúnta freisin atá imithe in oiriúint do terroir áitiúil Cotnari, a léiríonn a bharantúlacht agus a tharraingíonn ar mhodhanna fíonóireachta traidisiúnta an limistéir, a chuimsíonn gnéithe atá sonrach don Mholdáiv.

Cuirtear leis an stíl thraidisiúnta, áfach, le teicnící fíonóireachta nua-aimseartha lena ndírítear ar bhéim a chur, a mhéid is féidir, ar thorthaíocht agus ar úire na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán agus na bhfíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán a thagann ó chineálacha fíonchaoire a bhfuil acmhainneacht mhéadaithe aramatacha ag baint leo go háirithe.

Is fíonta geala iad na fíonta sin, le mús flúirseach agus bolgáin den scoth agus dea-bholaithe bláthanna nó torthaí ar leith uathu.

Tá cothromaíocht mhaith idir aigéadacht agus cion siúcra sna fíonta súilíneacha, rud a léiríonn carachtar sonrach agus uaisle fhíonghoirt Cotnari. Is limistéar fíonsaothrúcháin de chuid na Rómáine é limistéar ATFC Cotnari a bhfuil a charachtar sonrach féin aige, áit a bhfuil an traidisiún cineálacha fíonchaoire de chuid na Rómáine a shaothrú coinnithe. Is anseo atá an chuid is mó de shean-chineálacha na Rómáine le fáil, lena n-áirítear Grasă de Cotnari, Tămâioasă românească, Fetească albă, Francușă, Busuioacă de Bohotin and Fetească neagră.

Tá lorg na gcineálacha fíonchaoire aramatacha ar na fíonta (a thabharfadh abreoga triomaithe, céir bheach, féar atá díreach bainte, piorraí basal chun cuimhne) ach tá sé seo ag brath go mór freisin ar an mbealach a dtarlaíonn na próisis mhaothaithe agus choipthe agus an tréimhse ama a thógann siad chun deis a thabhairt na substaintí aramatacha a bhaint as craiceann na an fhíonchaoire.

I bhfoirm fíonta súilíneacha luachmhara is fearr na sean-chineálacha fíonchaoire ar nós Frâncușă and Busuioacă atá ar dhath an tuí nó bándearg éadrom/geal, le coipeadh fada agus leanúnach, le blasanna de bhláth troim nó bláth acáise nó blasanna torthaí de phiorraí basal, abreoga glasa, seadóg, craiceann líomóide agus úll glas, agus le meán-thathag mianrach ar blasanna torthaí is láidre atá.

Bhí ardmheas san am a caitheadh ar na cineálacha sin i gcúirteanna na rialtóirí agus is minic a bhídís le fáil ar bhoird ghalánta na n-uasal boyar. Bhíodh lógó ar na fíonta a léirigh caisleán Vlădoianu, a thóg Vlădoianu sa bhliain 1901, duine d'uaisle boyar a bhí ina shaothróir fíona mór le rá, chomh maith lena bheith ina ghobharnóir ar Bhanc Náisiúnta na Rómáine. Le himeacht ama, ba chúis ionspioráide i scéal scríofa fhíonta Cotnari an lógo.

Tá fíonta leath-shúilíneacha le fáil go rathúil ó chineálacha fíonchaoire a fhástar i réigiún Cotnari lena n-áirítear Fetească albă, Tămâioasă românească agus Frâncușă, ach Chardonnay agus Sauvignon freisin, a choinníonn na saintréithe cáilíochta atá coitianta sa réigiún, a bhuí leis an aeráid mheasartha ilchríochach lena mbaineann foscadh, fómhair fhada thar a bheith grianmhar, cothromaíocht mhaith idir alcól-aigéadacht agus blas bláthanna, torthaí, atá úr agus bríomhar.

9. **Ceanglais shonracha bhreise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Dálaí margaíochta

Creat dlíthiúil:

sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Áirítear freisin ar lipéid na bhfíonta sna catagóirí d'fhíon súilíneach ar ardchaighdeán agus d'fhíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán na téarmaí a cheanglaítear leis an reachtaíocht is infheidhme lena léirítear an cion siúcra (nádúr brut, brut, brut breise, ríthirim, sec, leath sec).

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.onvpv.ro/sites/default/files/caiet_sarcini_doc_cotnari_modif_cf_cerere_2_no_track_changes_final.pdf